Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**11055/23**

**SOC 471**
**EMPL 325**
**GENDER 129**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne: Ceapachán Rita NAGYLAKI, comhalta don Ungáir, in ionad Brigitta GYEBNÁR, a d'éirigh as oifig |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas faoi Brigitta GYEBNÁR a bheith éirithe as oifig mar chomhalta de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Ungáir).

2. Le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 an 20 Nollaig 2006[1], foráiltear, *inter alia*, gur cheart don Chomhairle ocht gcomhalta dhéag, chomh maith le comhaltaí malartacha, a cheapadh ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne ar feadh tréimhse 3 bliana. Déanfaidh na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha arna gceapadh ionadaíocht ar ocht mBallstát déag in ord na nUachtaránachtaí rothlacha, agus ainmneoidh gach Ballstát comhalta amháin agus comhalta malartach amháin.

3. Le Cinneadh uaithi an 24 Bealtaine 2022[2], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha don tréimhse dar críoch an 31 Bealtaine 2025.

[1] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.
[2] IO L 147, 30.5.2022, lch. 42.

4. Tá an t-iarrthóir seo a leanas molta ag Rialtas na hUngáire chun ionad an chomhalta a d'éirigh as oifig a ghlacadh, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha a dtiocfaidh deireadh leis an 31 Bealtaine 2025:

Rita NAGYLAKI
Ceann Aonaid
an tAonad um Beartas na mBan
an Aireacht Cultúir agus Nuálaíochta
Szalay utca 10-14
1055 Búdaipeist
an Ungáir
Teil: + 36 1 7957452
r-phost: rita.nagylaki@kim.gov.hu

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena n-ionadaítear comhalta de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a ghlacadh mar mhír 'A' agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena n-ionadaítear comhalta

de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide na hEorpa

um Chomhionannas Inscne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne[3], agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gCinneadh uaithi an 24 Bealtaine 2022[4], rinne an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne a cheapadh don tréimhse dar críoch an 31 Bealtaine 2025.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla Brigitta GYEBNÁR a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na hUngáire don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[3] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.
[4] IO L 147, 30.5.2022, lch. 42.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Rita NAGYLAKI ina comhalta de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne in ionad Brigitta GYEBNÁR, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha a dtiocfaidh deireadh leis an 31 Bealtaine 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na
Comhairle
An tUachtarán